RTÉ

# Freagracht Chorparáideach 2009



# Clár

## Réamhrá


03 Réamhfhocal ón bPríomh-Stiúrthóir
04 Dul Chun Cinn ar Chuspóirí atá sa Tuarascáil maidir le Freagracht Chorparáideach 2008


## Gníomhaíochtaí 2008/2009


08 Ag freastal ar riachtanais ár Lucht Féachana
18 An Fhoireann
26 Idirbheartaíochtaí Gnó RTÉ
35 Rialtas agus Rialtóirí
39 An Comhshaol


## Ag Féachaint chun cinn


44 Tionscadal 2025
46 Ráiteas Seirbhíse Poiblí
47 Cuspóirí 2010


PHILIPS

# Réamhfhocal ón bPríomh-Stiúrthóir

Is Craoltóir Seirbhíse Poiblí (PSB) é RTÉ, eagraíocht neamhbhrabúis faoi úinéireacht mhuintir na hÉireann. Mar PSB, ní cuspóir tráchtála an cuspóir atá ag RTÉ, ach cuspóir atá leagtha síos go láidir le seirbhís nó sraith seirbhísí a sholáthar, mar a shonraítear le reachtaíocht, don phobal.

Gach Eanáir foilsíonn RTÉ a *Ráiteas Gealltanas* a léiríonn oibleagáidí reachtúla RTÉ agus a shonraíonn réimse na gclár a sholáthrófar sa bhliain a bhíonn amach romhainn. Tuairiscítear dul chun cinn in aghaidh na dtiomantas sin i dTuarascáil Bhliantúil RTÉ. Ní tráchtáil is bonn do go leor de na tiomantais sin agus d'fhéachfadh eagraíochtaí meán eile orthu mar chuid de chlár freagrachta corparáidí. Samplaí den sórt sin is ea tiomantais do na healaíona, don Ghaeilge, don oideachas, do spóirt mhionlaigh agus do chláir réigiúnacha.

Mar sin déantar taifead gach bliain sa tuarascáil faoi Fhreagracht Chorparáideach RTÉfaoi mar a théann RTÉ níos faide ná na tiomantais sin, sa tslí a dtéann sé i ngleic leis an lucht féachana, an fhoireann, na páirtithe gnó, an Rialtas agus leis an gcomhshaol.

Bhí 2009 ina bliain chrua do go leor. Ní hamháin go raibh tionchar ag an lagtrá eacnamaíochta ar theaghlaigh agus ar phobail ar fud na tíre ó thaobh chailleadh post, laghdú ar phá agus cailleadh seirbhísí agus tacaíochtaí stáit ach chruthaigh an fhíor-drochaimsir leanúnach sa dara cuid den bhliain anró agus cruatan mór chomh maith.

Ba bhliain trádála an-dúshlánach a bhí in 2009 do RTÉ, ar nós go leor gnólachtaí eile agus caiteachas ar fhógraíocht tite ar fud an domhain agus ár n-ioncam tráchtála go náisiúnta laghdaithe go mór. D'ainneoin na ndúshlán sin áfach, is údar misnigh iad na tionscadail agus an dul chun cinn i gcoinne cuspóirí a shonraítear sa tuarascáil seo ach go háirithe. Bheadh sé an-éasca i bhfianaise gearradh siar ar chostais agus laghdú ar phá ag foireann RTÉ gan an iarracht bhreise sin a dhéanamh chun an beagán breise sin a sheachadadh. Ach tá an tuarascáil seo lán de shamplaí den fhoireann á dhéanamh sin.

Cibétuairisceoir de chuid RTÉ agus é ag taoscadh tríd an uisce le labhairt le feirmeoir atá gearrtha amach ag na tuilte; nó cairpéid á n-athchúrsáil le húsáid mar mhataí do dhaoine scothaosta san Ard-Eaglais; nó tionscadal Tras-Mheáin chun breithlá 70 bliain Seamus Heaney a cheiliúradh; nó forbairt sheirbhís raidió sainithe do leanaí óga, is é an ní amháin a bhaineann leis nationscadail sin ar fadná go bhfuil siad ag brath ar fhoireann RTÉ oibriú as a stuaim féin le níos mó ná mar abhítear ag súil leis a chur ar fáil.

Déanaim comhghairdeas leis an bhfoireann agus gabhaim buíochas leo as an beo a chur sna luachanna corparáideacha as a bhfuil eagraíocht RTÉ comhdhéanta, eagraíocht a bhfuilim mórtasach oibriú inti.

Cathal Goan
Príomh-Stiúrthóir, RTÉ

# Dul Chun Cinn ar Chuspóirí atá sa Tuarascáil maidir le Freagracht Chorparáideach 2008

## 1. Ag Freastal ar riachtanais ár Lucht Éisteachta

| Cuspóir | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Faoi Q1 2009, beidh conradh cúig bliana, éifeachtach ó thaobh costais, comhaontaithe idir RTÉ agus Coiste Féile Bhaile Átha Luain maidir le Féile Drámaíochta Uile Éireann RTÉ. | I mí Dheireadh Fómhair shínigh RTÉconradh cúig bliana mar phríomh-urraitheoir a mhairfidh go dtí Féile Drámaíochta Uile Éireann RTÉ 2013. |
| Leanfaidh RTÉ le tionscadail Tras-Mheáin a fhorbairt, ar nós *Operation Transformation* agus cruthóidh siad ar a laghad tionscadal Tras-Mheáin suntasach nua amháin le linn 2009. | D'fhorbair RTÉ roinnt tionscadal Tras-Mheáin suntasach ó Q4 2008 agus trí 2009. Áirítear orthu sin: *1918: Ireland and the Great War; Heaney At 70; Operation Transformation; Look of the Irish* and *Spend Clever, Live Better.* |
| Faoi Q4 2008 beidh RTÉ rannpháiRTÉach i dtionscadal a dhíreoidh ar dhaltaí dara leibhéal sinsearacha a léireoidh cur i bhfeidhm na heolaíochta nó na teicneolaíochta, agus a nascfaidh gné d'obair RTÉ leis an gcuraclam. | Ghlac RTÉ páirt i Science and Technology in Action agus chuiri láthair cás-staidéar ar dhearadh ghréasán agus teicneolaíocht RTÉ. Scaipeadh é sin ar na scoileanna dara leibhéal ar fad i bPoblacht na hÉireann. I mí Dheireadh Fómhair 08 bhí RTÉ mar urraitheoir ar Imaginate 2009 i gcomhpháirtíocht le NUI Maigh Nuad a bhí dírithe ar dhaltaí dara leibhéal agus a d'iarr orthu seomra ranga sa todhchaí a dhearadh. |
| Comhaontóidh an bhainistíocht shinsearach i dTeilifís, Raidió agus Cúrsaí Reatha spriocanna sonracha, réalaíocha agus intomhaiste le bainisteoirí, eagarthóirí agus déantóirí clár, chun ionadaíocht eitneach agus ilchultúrtha a dhéanamh ina réimsí aschuir go léir, nó i gcuid díobh, faoi dheireadh Q4 2008. | Áiríodh ionadaíocht idirchultúr mar thomhas saChóras Forbartha Feidhmíochta (PDS) do na heagarthóirí coimisiúnaithe teilifíse ar fad i leith feidhmíochta in 2009. Rinneadh tiomantas den sórt céanna do léiritheoirí Raidió i rith Q4 2009 i leith feidhmíochta in 2010. |

## 2. An Fhoireann

| Cuspóir | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Osclóidh Creche nua RTÉ in Q4 2008. | D'oscail Creche Fhoireann RTÉ i mí na Samhna 2008. Féach an cás-staidéar ar leathanach 22. |
| Chun cur le comhoibriú foirne agus chun cumarsáid inmheánach a fheabhsú, ba mhaith le RTÉ a inlíon reatha a uasghrádú go mór. Chun tús a chur leis an bpróiseas seo déanfaidh RTÉ athbhreithniú ar an gcóras inlín atá ann faoi láthair agus forbróidh sé plean soiléir dá athfhorbairt faoi Q4 2008. | De bharr ciorruithe buiséid ní dhearnadh an t-athbhreithniú seachtrach a bhí beartaithe do 2009ar an gcóras inlín atá ann faoi láthair. |
| Tá RTÉ le hoiliúint feasachta idirchultúrtha a chur ar fáil don fhoireann HR go léir, do gach duine nua a thiocfaidh isteach san fhoireann (mar chuid den oiliúint ionduchtaithe) agus aithneoidh sé na háiteanna inar féidir oiliúint idirchultúrtha a lánpháirtiú le cláir oiliúna IBD atá ann faoi láthair faoi Q4 2009. | Fuair Foireann HR RTÉ go léir réamh-oiliúint feasachta idirchultúrtha amach in 2008/ go luath in 2009. De bharr na timpeallachta eacnamaíochta atá ann faoi láthair cuireadh stop le hearcaíocht i rith 2009, agus ní dhearnadh aon oiliúint ionduchtaithe in 2009 mar thoradh air sin. |

## 3. Ár nIdirbheartaíochtaí Gnó

| Cuspóir | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Ag tosú le CR 2008, déanfaidh gach tuarascáil i ndiaidh a chéile taifeadadh ar aon athruithe nó leasuithe a rinneadh ar *Chaighdeáin agus Treoirlínte Clár RTÉ* le linn na bliana roimhe sin. | Ní dhearnadh aon athruithe ar *Chaighdeáin agus Treoirlínte Clár RTÉ* i rith 2009. |
| Tar éis athbhreithniú cuimsitheach ar na córais agus na próisis laistigh d'Aonad Léiriúcháin Neamhspleách Teilifíse RTÉ i rith 2008, cuirfear plean gnímh i gcrích faoi Q2 2009, a leagfaidh amach feidhmiú éifeachtúlachtaí nua i ndáil le hamlínte do chinntí coimisiúnaithe. | I rith 2009 thug Léiriúcháin Neamhspleách RTÉ isteach córas Coimisiúnaithe Rollach nua. Féach leathanach 28 do mhionsonraí. |
| Chun tacú le gníomhaíochtaí fála poiblí RTÉ ó thús na gníomhaíochta fála go dtí roghnú an tsoláthróra a n-éireoidh leis, tá córas fála poiblí leictreonach nua á fhorbairt ag an nGrúpa IT. Cuireadh moill nárbh fhéidir a sheachaint ar fhorbairt an chórais seo i rith 2008 agus beidh sé ar fáil lena úsáid in Q1, 2009. | De bharr na timpeallachta eacnamaíochta reatha chur RTÉ roinnt de na tionscadail chaipitiúla siar i rith 2009 lena n-áirítear líon mór tionscadal teicneolaíochta. Laghdófar fáil mar ghníomhaíocht chomh fada agus is léir amach anseo agus de bharr sin ní tosaíocht ghearrtéarmach anois í forbairt chóras fála leictreonach. |

## 4. Rialtas agus Rialtóirí

| Cuspóir | Dul Chun Cinn |
|---|---|
| Faoi Q2 2009 cuirfidh RTÉ.ie raon seirbhísí físe beo agus ar éileamh ar fáil d'úsáideoirí ar fud an domhain nuair a sheolfar seinnteoir físe ar líne nua. | Sheol RTÉ RTÉ Player i Q2 2009. Bhí moill ar leagan idirnáisiúnta an Player mar gheall ar mhoill gan choinne maidir leis na cearta ceoil a dhaingniú. |
| Bainfidh RTÉ úsáid as *RTÉ Audience Opinion* chun an Roinn Fuinnimh, Cumarsáide agus Acmhainní Nádúrtha (DCENR) a choinneáil ar an eolas ar bhealach iomchuí faoi thairbhe RTÉ mar Chraoltóir Seirbhísí Poiblí. | Baineadh úsáid as sonraí as *RTÉ Audience Opinion* in Athbhreithniú ar Choigeartú naTáille Ceadúnais 2008 a cuireadh faoi bhráid an DCENR i mí an Mhárta 2009 agus léiríodh comhlíonadh RTÉ ar a chuspóirí seirbhíse poiblí. Tá na sonraí sin mar bhonn chomh maith do go leor de na príomhbhearta feidhmíochta i *nGealltanais Feidhmíochta 2009 RTÉ*. Leanfar ag úsáid na sonraí sin sna *Ráitis Gealltanais Feidhmíochta* Bliantúla agus is é is dócha go mbeidh siad san áireamh mar tháscairí feidhmíochta i straitéisí amach anseo. |

## 5. An Comhshaol

| Cuspóir | Dul Chun Cinn |
| --- | --- |
| Seolfar láithreán gréasáin píolótach faoi roinnt carranna i rith Q4 2008 chun cúnamh a thabhairt don fhoireann roinnt carranna a shocrú agus a phleanáil go dtí láthair RTÉ i nDomhnach Broc agus as an áit. Beidh sé óstaithe ar inlíon na foirne. Chunrannphháirtíocht sa scéim a chothú agus a spreagadh, sannfar líon teoranta spásanna carr den scéim ar bhonn trialach. | De bharr na timpeallachta eacnamaíochta faoi láthair chuir RTÉ roinnt tionscadal siar i Q4 2008 agus i rith 2009,lena n-áirítear láithréan gréasáin píolótach faoi roinnt carranna. |
| Tá foscadáin nua rothar timpeall an choimpléisc in aice an Ionaid Raidió, an Ionaid Teilifíse agus cheantar Stáitse 7 le tógáil faoi dheireadh Q4 2008. | De bharr na timpeallachta eacnamaíochta faoi láthair chuir RTÉ roinnt tionscadal caipitil siar i Q4 2008 i rith 2009 lena n-áirítear na foscadáin rothar a bhí beartaithe in aice an Ionaid Raidió, an Ionaid Teilifíse agus cheantar Stáitse 7. |
| Agus é ag obair i gcomhar le hOifig Iompair Bhaile Átha Cliath san fheachtas *Aon Chéim Bheag Amháin* beidh plean cuimsitheach taistil chun na hoibre ar bun ag RTÉ faoi Q2 2009. | De bharr na timpeallachta eacnamaíochta faoi láthair chuir RTÉ roinnt tionscadal siar i rith 2009 lena n-áirítear forbairt ar phlean taistil chun na hoibre. Choimeád RTÉ caidreamh láidir oibre leis an bhfeachtas *Aon Chéim Bheag Amháin* i rith 2009 agus bhí RTÉ ina rannpháirtí gníomhach i nDúshlán an Pheidiméadair 2009. Féach leathanach 21 do mhionsonraí. |
| Leanfaidh RTÉ ag déanamh monatóireachta aran dramhaíl a bhíonn againna théann chuig líonadh talún agus tógfaidh sé na céimeanna riachtanacha chun í a laghdú de réir a chéile agus déanfaidh sé tuairisciú air sin faoi Q4 2009. | Lean RTÉ ag déanamh monatóireachta ar oibríochtaí bhainistiú dramhaíola chun an dramhaíl a théann chuig líonadh talún a laghdú. Féach leathanach 41 do mhionsonraí. |
| Leanfaidh RTÉ ag déanamh monatóireachta ar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh agus tógfaidh sé na céimeanna riachtanacha chun é a laghdú de réir a chéile agus déanfaidhtuairisciú air sin faoi Q4 2009. | Féach leathanach 40. |
| Mar thacaíocht do *Bhliain Idirnáisiúnta an Domhain*, seolfaidh RTÉ tionscnamh ar feadh na nIBDanna in Q4 2008 chun cabhrú le cur le feasacht maidir le hathrú aeráide i measc daltaí bunscoile agus iarbhunscoile. | I mí na Samhna 2008 d'eagraigh RTÉ comórtas scoilbhunaithe chun aird a tharraingt ar *Bhliain Idirnáisiúnta an Domhain*. Fuair buaiteoirí an chomórtais stáisiún aimsire (bunscoil) nó aonad seismeolaíochta (iarbhunscoil). Cuireadh oiliúint ar fáil do mhúinteoir i ngach scoil a bhuaigh le hoiliúint a chur ar na daltaí leas a bhaint as an duais. |

# Ag Freastal ar Riachtanais ár Lucht Féachana





**10** RTÉ Junior

**12** RTÉ Player

**13** Grúpaí Oirfide sa Phobal

**16** Ag Tuairisciú ar na Tuilte

**17** Heaney At 70




Scanraíonn Ryan Tubridy Alex agus Ana Brennock agus é ag ullmhú do chlár speisialta na Samhna – Ryan ag léamh scéalta le Roald Dahl ar RTÉ Junior.

# RTÉ Junior

San am a caitheadh is fíor-annamh a chloistí cláir do leanaí ar sceideal RTÉ – bhídís ann nóiméad amháin ach imithe arís chomh tapa céanna. Le linn don chéad bhliain ag an Stáisiún Raidió Digiteach RTÉ Junior a bheith ar an aer cuireadh raidió do leanaí ar fáil gan bhriseadh gach lá ó mhaidin go dtí am codlata.

Tá RTÉ Junior deartha thart ar lá an linbh agus dírithe ar leanaí ó 2-12 agus dúisíonn sé gach maidin iad ag 7am le meascán de phopcheoil, cleasanna agus spraoi na maidine. Léirigh an tsraithchlár bricfeasta *Pop Pop*, a chuirLouise Foxe i láthair, níos mó na 70 uair an chloig de chláir faoi leith in 2009. Agus má tá an páiste ró-óg don scoil tá maidin iomlán de rannta do leanaí, scéalta, suantraí agus fiú amháin roinnt tiúnanna do na daoine fásta ann go ham lóin chomh maith.

Bhain an stáisiún amach cúpla rud do leanaí don chéad uair i mbliana. I mí an Mhárta, chuir comhalta foirne RTÉ Lyric FM Ian McGlynn tús le sraith ceoil clasaicigh sheachtainiúil nua, *Klassical Kidz* tráthnóna Dé Domhnaigh. I mí Mheán Fómhair chuaigh siad i gcomhar le Cláir do Dhaoine Óga sa teilifís chun *Den Radio* a sheoladh leis an láithreoir Daraine Mulvihill, clár uair an chloig le ceol agus spraoi a chraoltar ar laethanta i rith na seachtaine ó 5 go dtí 6pm.

I mí na Samhna chuir RTÉ Junior tús leis an gcéad sraith oideachais seachtainiúil do leanaí, *The Colour Chart* le Colm Flynn. Ní raibh aon bhuiséad d'ábhar ag na cláir sin agus ba iad foireann RTÉ a chruthaigh, a chuir i láthair agus a léirigh na cláir go deonach.

Thug an BCI aitheantas do rannpháirtíocht Digital Radio ó thaobh raidió na hÉireann agus thugmaoiniú tríd an scéim Sound & Vision do Garret Daly as a shraith, *In My Place*, bailiúchán de chláir cúig nóiméad ar fhad ina ndéanann leanaí éagsúla cur síos ar an domhan mórthimpeall orthu – a gcairde, a dteaghlach, a mbailte agus a ngníomhaíochtaí. Craolfar an tsraith seo ar RTÉ Junior in 2010.

Chuaigh RTÉ Junior i gcomhar chomh maith le Cumann Náisiúnta na Naíolann, NCNA, chun tacú lena Lá Náisiúnta Pitseámaí i mí an Mhárta chun airgead a bhailiú don Fhondúireacht Make A Wish. Tá céad caoga raidió digiteach faighte le dáileadh chuig crecheanna ina bhfuil comhaltaí an NCNA sna ceantair chraolta in 2010 le go bhféadfaidh siad RTÉ Junior a úsáid mar a cheol gach lá. Soláthraíonn RTÉ Junior uair an chloig de shuantraí do crecheanna agus do leanaí réamhscoile ag meán lae.

# Tá RTÉ Junior deartha thart ar lá an linbh agus dírithe ar leanaí ó 2-12 agus dúisíonn sé gach maidin iad ag 7am le meascán de phopcheoil, cleasanna agus spraoi na maidine.

**cliceáil anseo!**
www.rte.ie/digitalradio/junior

Faoi Shamhain a bhí buaicphointe na bliana ann nuair a chraol RTÉ Junior seachtain de chláir eisiacha don bhriseadh lár téarma. Léigh Ryan Tubridy scéalta le Roald Dahl agus léigh an t-údar cáiliúil idirnáisiúnta John Connolly as Éirinn sleachta as a leabhar do leanaí, *The Gates* agus chuir sé seó ceoil scanrúil i láthair do leanaí. Chuir John Kelly a bhranda uathúil féin de chláir cheoil i láthair le *The Ghost Train*. Chuaigh RTÉ Junior i gcomhar le hionad scríbhneoireachta cruthaitheach Roddy Doyle, Fighting Words chun seó Samhna speisialta a chomhléiriú beo as Scoil Lorcáin Ó Tuathail do Chailíní, Sráid an tSirriaim i mBaile Átha Cliath.

Is iad guthanna na leanaí an rud is tábhachtaí faoi RTÉ Junior. Le bliain anuas chuaigh oibrithe deonacha laistigh agus lasmuigh de RTÉ chuig scoileanna agus ionaid leanaí ar fud na tíre chun taifeadadh a dhéanamh ar a gcuid guthanna agus chun a gcuid smaointe agus tuairimí ar réimse éagsúla ábhar mar chairde agus na laethanta saoire is fearr leo a chur sa sceideal.

Tá RTÉ Junior ar fáil ar líne, ar Chorus NTL digiteach, ar DTT agus ar ghlacadóirí raidió sna réigiúin chraolta i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach, Cill Dara, Laois, An Lú, na Mí, Uíbh Fhailí agus san Iarmhí.

# RTÉ Player

**cliceáil anseo!**
www.rte.ie/player

Seoladh RTÉ Player, seirbhís teilifíse gréasáin ‘súil siar’ ar RTÉ.ie, i mí an Aibreáin 2009. Tugann an tseirbhís nua seo deis d’úsáideoirí leathanbhanda Éireannacha féachaint ar na cláir is fearr leo ar Theilifís RTÉ suas go21 lá tar éis a gcraolta. Is seirbhís “cliceáil agus seinn” í, ní chaithfear clárú,suiteáil nó íoslódáil agus bíonn 70 uair an chloig de chláir teilifíse ar fáil gach seachtain don tréimhse súil siar. Forbraíodh an Player d’fhonn seirbhís nua agus feabhsaithe a sheachadadh chun freastal ar riachtanais an lucht féachana agus chun níos mó rogha a sholáthar don lucht féachana maidir leis an tslí a bhféachann siad ar chláir.

Féadann lucht leanúna sobaldrámaí féachaint siar ar an dramaíocht ar fad ar súil siar seacht lá de *Fair City*, *Eastenders* agus *Home and Away*. Is féidir súil siar a chaitheamh ar *The Den*, *Den Tots* agus cláir *Two Tube* go ceann 21 lá. Tá na cláir cheannródaíocha siamsaíochta mar *The Late Late Show*, *The Panel*, *All-Ireland Talent Show*, agus *Naked Camera* ar fáil go ceann 21 lá chomh maith. Tá cláir idirnáisiúnta a bhfuil tóir orthu mar *Mad Men*, *Top Gear* agus *The Bill* ar fáil chomh maith.

Féadann lucht leanúna Nuachta agus Spóirt súil siar a chaitheamh ar aschur Nuacht agus Cúrsaí Reatha RTÉ agus ar seónna spóirt lena n-áirítear *The Sunday Game*, *Monday Night Socceragus OB Sport*.

Forbraíodh RTÉ Player trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht chomhbhrúite físe MPEG 4 is déanaí agus seinnteoir físe Flash. Cinnteoidh sé sin go n-oirfidh sé sin an t-úsáideoir ar an gcaoi is fearr, go mbeidh rochtain go tapa aige agus caighdeán ard closamhairc idirlín.




An tSraith Faisnéise *Who Do You Think You Are* ar RTÉ Player.

Ag tagairt dó ag seoladh RTÉ Player, dúirt Múirne Laffan, Stiúrthóir Feidhmiúcháin d’Fhoilsitheoireacht RTÉ; “Is deis nua bhreá í seo do lucht féachana na hÉireann teacht ar na cláir is fearr leo. Cuirfidh RTÉ Player feabhas ar ár seirbhís don lucht féachana atá ann cheana féin agus do lucht féachana nua RTÉ agus leathnóidh an teacht ar ár gcuid clár agus tabharfar aghaidh ar an dúshlán atá ann ó thaobh gnásanna féachana an lucht féachana nach ionann agus sean-nósanna féachaint ag am faoi leith. Is feabhas suntasach é seo uilig ó thaobh an tomhaltóra agus é ag féachaint ar RTÉ.ie”. Tá leagan idirnáisiúnta de RTÉ Player le seoladh go luath in 2010.

# Grúpaí Oirfide sa Phobal

Tá ról ar leith ag Grúpaí Oirfide RTÉ in Éirinn mar oirfidigh, tionscnóirí agus cumadóirí gach cineál ceoil. Ó cheol clasaiceach ardleibhéil le Ceolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ (NSO) agus Ceathairéad Téadach Vanbrugh RTÉ go dtí ceolchoirmeacha Cheolfhoireann Choirme RTÉ (CO) i réimsí snagcheoil agus bannaí móra, ceol clasaiceach trasach, rac-cheol, ceol traidisiúnta, ceol ceabaire, imeachtaí ilmheán, ceolchoirmeacha teaghlaigh agus tuilleadh.

## Cónaitheacht RTÉ NSO i nDún na nGall

Tá idirchaidreamh le pobail lasmuigh de Bhaile Átha Cliath mar phríomhchuid d'obair na nGrúpaí Oirfide RTÉ gach bliain. I mí Dheireadh Fómhair 2008, d'fhill RTÉ NSO ar Co. Dhún na nGall do chónaitheacht cheolfhoirneach trí lá. Cuireadh é sin i láthair i gcomhar le Coiste Gairmoideachais Chontae Dhún na nGall agus le Comhpháirtíocht Oideachais Cheoil Dhún na nGall le tacaíocht ó Amharclann an Ghrianáin agus ó Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn. Ba í sin an seachtó cónaitheacht a ndeachaigh an Cheolfhoireann ina bun agus an dara ceann i gCo. Dhún na nGall.

Bhí caidreamh díreach le pobail áitiúla i gcónaí mar chuid lárnach de chónaitheachtaí RTÉ NSO. In 2008, shroich an chónaitheacht lucht féachana iomlán de 4000 duine idir ceolchoirmeacha; 12 ceardlann lán de spórt in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn, Coláiste Loretto agus Amharclann an Ghrianáin do dhaltaí bunscoile ó aois a sé ar aghaidh; cleachtadh oscailte do dhaltaí dara leibhéal; meantóireacht ar cheoltóirí óga agus cur i láthair tráthnóna poiblí in Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn.

Roimh an bpríomh-chónaitheacht,tionóladh 'Réamhrá ar an tráthnóna ceolfhoirne" do mhúinteoirí, chun daltaí a ullmhú don phríomhchónaitheacht í féin.

Sheas an chónaitheacht seo amach toisc go raibh óg-cheolfhoireann áitiúil rannpháiRTÉach don chéad uair i gcónaitheacht ar bith. Ar bhonn deonach, rinne ocht gcomhalta de Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ, agus stiúrthóir James Cavanagh meantóireacht agus cleachtadh leis an gCeolfhoireann roimh an gcur i láthair poiblí. Tháinig deireadh le páiRTÉachas óg-Cheolfhoireann Dhún na nGall lena gcuid rannpháirtíochta sa cheolchoirm tráthnóna poiblí.

# Tá ról ar leith ag Grúpaí Oirfide RTÉ in Éirinn mar oirfidigh, tionscnóirí agus cumadóirí gach cineál ceoil.



Stiúrthóir Cheolfhoireann Choirme RTÉ David Brophy ag treorú Rachel Guang Du mar chuid de chlár meantóireachta Cheolfhoireann Choirme RTÉ.

## Tionscadal Pobail Bhaile Munna: Lá Nua

I mí Feabhra 2009, chomhoibrigh Cór na nÓg RTÉ agus ceoltóirí ó RTÉ NSO agus ó Cheolfhoireann Choirme RTÉ (CO) faoi Phríomhstiúrthóir CO RTÉ David Brophy le CityArts: Tower Songs agus le Clár Ceoil Bhaile Munna, faoi choimirce Naisc Phobail DIT, chun aird a tharraingt ar shraith de naoi bpíosa nua dar teideal A New Day ag cur i láthair poiblí sa Helix.

Le liricí ó thriúr déagóirí áitiúla, cumadh A New Day i gcomhar le Daragh O'Toole agus chuir 210 dalta bunscoile agus dara leibhéal ó sheacht scoil áitiúla i mBaile Munna i láthair é, lena n-áirítear ceolfhoireann atá comhdhéanta de 50 dalta scoile áitiúla.

Toisc chomh maith agus a d'éirigh leis an gcur i láthair, tugadh cuireadh do RTÉ CO, Cór na nÓg RTÉ agus cór comhdhéanta de leanaí ó Bhaile Munna píosa a thaifeadadh lena eisiúint go déanach in 2009, agus an mbrabach le dul chuig Clár Ceoil Bhaile Munna. Rinneadh an taifeadadh, a stiúir David Brophy, i mí Bealtaine i Stiúideo a hAon in Ionad Raidió RTÉ agus bhí sé ar an margadh in am do Nollaig 2009.

## Ceol sa Seomra Ranga

Lean ceolchoirmeacha an Irish Times / Music in the Classroom RTÉ atá ar siúl le fada agus a bhfuil RTÉ NSO agus RTÉ CO rannpháiRTÉach ann ar aghaidh in 2008 agus 2009. Shroich siad lucht féachana de bhreis is 36,000 i 39 ceolchoirm a bhí ar siúl i mBaile Átha Cliath, Gaillimh, Luimneach, an Lú agus Corcaigh. Faoi dheireadh 2009, seachadfar 38 ceolchoirm, a bheidh ar siúl i mBaile Átha Claith, Cill Airne, Corcaigh, Gaillimh, Caisleán an Bharraigh agus Luimneach. Táthar ag súil go sroichfidh an lucht féachana níos mó ná 33,000 in 2009.



Fergus O'Carroll ó Cheolfhoireann Shiansach Náisiúnta RTÉ ag seinm an Choirn Fhrancaigh ag ceardlann de chuid Chónaitheacht RTÉ NSO i nDún na nGall in 2008.

# Ag Tuairisciú ar na Tuilte

I mí na Samhna 2009 d'fhulaing pobail i go leor páiRTÉanna de Dheisceart agus d'Iarthar na hÉireann tuilte go forleathan, cinn uafásacha a tháinig tobann. Scriosadh go leor tithe, gnólachtaí agus feirmeacha; chaill go leor líonta tí, i gCo. Chorcaí ach go háirithe, an t-uisce óil ar feadh roinnt laethanta; agus bhí go leor eile in áiteanna iargúlta sáinnithe istigh toisc nárbh fhéidir dul an mbóthar.

Chlúdaigh príomhchláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha RTÉ ar an raidió agus ar an teilifís araon éifeacht láithreach agus fadtéarmach na dtuilte, freagairt na bpobal áitiúil agus na seirbhísí stáit ar na tuilte agus agus na cúiseanna gur tháinig na tuilte chomh dona sin.

Chuir Brian Dobson an *Six One News*, i láthair i gCorcaigh an 20 Samhain nuair a bhí an chathair faoi uisce mar gheall ar an méid ollmhór uisce a scaoileadh as damba Inis Cara. Dé Máirt 24 Samhain craoladh *Prime Time* le Miriam O'Callaghan beo as Baile Chláir a bhí buailtego dona ag tuilte. Dé Luain 30 Samhain bhí clár iomlán *The Frontline* ag déileáil leis an gceist agus tharraing sé aird ar na daoine sin a bhí curtha as a dtithe nó a raibh tionchar díreach ag na tuilte orthu. Bhí tuairiscí agus eolas nua in aghaidh an lae ag *Morning Ireland* de réir mar a rinne pobail iarracht dul i ngleic leis an oiread tuilte.

Bhí ról ríthábhachtach ag comhfhreagraithe agus criúnna réigiúnacha RTÉ ó thaobh eolas a thabhairt faoi thionchar na dtuilte tobanna ar dhaoine aonair agus ar theaghlaigh, go háirithe na daoine sin sna ceantair tuaithe is cúlráidí.




Léiríonn carr faoi uisce chomh dona agus a bhí na tuilte i gCo. na Gaillimhe. Pictiúr le Joe O'Shaughnessy.

Ar feadh coicíse chlúdaigh feasacháin nuachta RTÉ ar an raidió agus ar an teilifís le Jim Fahy, Paschal Sheehy, Cathy Halloran, Jennie O'Sullivan, Teresa Mannion agus daoine eile tuairiscí agus agallaimh in aghaidh an lae le daoine áitiúla.

Bhí freagracht shoiléir reachtúil ar RTÉ clúdach réigiúnach cuimsitheach a sholáthar. Go minic ní thuigtear fiúntas líonra réigiúnach den chineál sin go dtí go dtarlaíonn géarchéim mar a tharla i mí na Samhna 2009. Ba léiriú soiléir é caighdeán agus méid an chlúdaigh ar chomh láidir agus atá clúdach náisiúnta RTÉ agus an fíor-thiomantas atá ag foirne réigiúnacha RTÉ do na pobail áitiúla.

# Heaney At 70



Seamus Heaney.
Pictiúr le John Minihan.

**cliceáil anseo!**
www.rte.ie/heaneyat70

I rith dheireadh seachtaine na Cásca rinne RTÉ ceiliúradh ar 70ú lá breithe an Laureate Nobel Seamus Heaney le raon d'aschur ar Raidió, Teilifís agus Ar Líne. Idir agallamh beo le Marian Finucane agus saothair a bhí coimisiúnaithe go speisialta ag Ceathairéad Téadach Vanbrugh RTÉ, thug comóradh *Heaney At 70* aitheantas speisialta agus oiriúnach do dhuine de na daoine is mó bua in Éirinn.

# An Fhoireann





**19** Treoir d’Fhuaimniú


**21** Aon Chéim Bheag Amháin: Dúshlán an Pheidiméadair 2009

**22** Creche RTÉ

**23** Scéim RTÉ Ar Rothar Chuig an Obair

# Treoir d’Fhuaimniú

Leathanach samplach de Threoir d’Fhuaimniú RTÉ.




Tá an Treoir d’Fhuaimniú atá leagtha amach le húsáid go hinmheánach,mar chuid den inlíon agus liostaítear rogha focal, ainmneacha agus logainmneacha a úsáidtear go coitianta nó a úsáideadh le déanaí ar Raidió nó ar Theilifís RTÉ. Roghnaíodh roinnt acu mar gheall go bhfuil siad deacair le fuaimniú, cinn eile mar nach bhfuaimnítear i gceart iad go minic. Is córas dinimiciúil é agus is féidir focail nua a chur leis go héasca, rud a chabhraíonn le craoltóirí ainmneacha agus focail nua a d’fhéadfadh a bheith mar chuid de chlár oibre na nuachta a fhuaimniú i gceart. Ní amháin go gcabhraíonn an treoir le húsáideoirí focal agus ainmneacha neamhchomónta i mBéarla a fhuaimniú i gceart ach cabhraíonn sé leo i nGaeilge agus i dteangacha eile chomh maith agus tá an áis thar a bheith úsáideach d’ainmneacha coigríocha.

Is féidir éisteacht leis an bhfocal ach cliceáil ar íocón cainteora in aice leis an bhfocal atá uait. Tá léiriú foghraíochta ann chomh maith ar fhuaimniú gach focail, trí úsáid a bhaint as córas siombailí atá deartha go speisialta do gach focal. Tá na leaganacha foghraíochta úsáideach, go háirithe lena léiriú d’úsáideoirí cá bhfuil an bhéim ar shiollaí an fhocail.

Déanann grúpa iriseoirí agus craoltóirí cothabháil ar an Treoir d’Fhuaimniú le tacaíocht theicniúil ó TF agus le focail agus ainmneacha nua á chur leis seasta. Cinntíonn sé sin go gcoinnítear an treoir cothrom le dáta ag na daoine is mó a bhaineann úsáid as agus ag na daoine is mó a dteastaíonn sé uathu.

Mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí tá sé mar aidhm ag RTÉ caighdeán agus comhleanúnachas fuaimnithe lena mbainfidh caighdeán ard a bhaint amach ar fud na seirbhísí agus na gclár éagsúla. Is tacaíocht phraiticiúil agus úsáideach í an Treoir do chraoltóirí agus iad ag déanamh a bpost gach lá.

I mí Feabhra 2009 sheol RTÉ Treoir d’Fhuaimniú ar líne chun cabhrú le craoltóirí focail agus ainmneacha a fhuaimniú i gceart ar an aer.



Stride Right – Ba iad Grainne Cordial, Nigel Gordon, Mark Siung ó Rannóg Físe agus Eagarthóireachta RTÉ buaiteoirí Dhúshlán an Pheidiméadair 2009.

# Aon Chéim Bheag Amháin: Dúshlán an Pheidiméadair 2009

**cliceáil anseo!**
www.onesmallstep.ie

Is tionscnamh é Aon Chéim Bheag Amháin a thosaigh in 2007 inar thug Oifig Iompair Bhaile Átha Cliath spreagadh do chomaitéirí ar charrannafreagracht phearsanta a ghlacadh ó thaobh brú tráchta a laghdú i Mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Ón tús thug roinnt de na heagraíochtaí poiblí agus príobháideacha móra, lena n-áirítear RTÉ, tacaíocht don tionscnamh.

I mí Mheán Fómhair 2009 mar chuid den fheachtas Aon Chéim Bheag Amháin agus i gcomhar le Foras Croí na hÉireann, ghlac comhaltaí foirne in RTÉ páirt i nDúshlán an Pheidiméadair. Is é an aidhm atá le Dúshlán an Pheidiméadair ná spreagadh a thabhairt do dhaoine dul ag siúl chun lorg carbóin agus costais peitril an duine a laghdú agus a sláinte a fheabhsú ar an mbealach sin. Ní ag siúl chun na hoibre amháin atá i gceist, áfach, ach siúl a dhéanamh áit at bith ag am ar bith.

Cuireadh foirne idir triúr nó seisear duine le chéile agus tugadh peidiméadar ardchaighdeáin do gach duine chomh maith le cárta chun an méid céimeanna a thóg siad gach lá a thaifeadadh. Bhí á an DTO ag tairiscint peidiméadair ar cíos do gach comhlacht rannpháiRTÉach do dhaoine a raibh suim acu páirt a ghlacadh sa dúshlán. (Dá mba mhian leo d'fhéadfaidís iad a cheannach i ndiaidh an dúshláin ar €5 (RRP €10), agus áiríodh ar sin síntiús €1.20 do Foras Croí na hÉireann). Fuair ceannairí na foirne ríomhphost gach seachtain ag lorg comhchéimeanna na foirne don tseachtain sin agus rinneadh dul chun cinn ar fheidhmíocht na foirne a rianú ar www.onesmallstep.ie.

Gach seachtain rinne na foirne iarracht sliabh fíorúil a dhreapadh e.g.

| | |
|---|---|
| Seachtain 1: 70,000 céim | = Matterhorn |
| Seachtain 2: 80,000 céim | = Kilimanjaro |
| Seachtain 3: 90,000 céim | = Mont Blanc |
| Seachtain 4:100,000 céim | = Sliabh Everest |

Chuir an DTO duaiseanna ar fáil don trí fhoireann is fearr (€100 gach comhalta foirne, €50 gach comhalta foirne €20 gach comhalta foirne).

Ar an iomlán, ghlac 30 eagraíocht/ cuideachta páirt i nDúshlán an Pheidiméadair: – Aon Chéim Bheag Amháin 2009 le 577 foireann in iomlán ag glacadh páiRTÉ. Ghlac 22 foireann de chuid RTÉ páirt. Ba iad 'Stride Right' ó theilifís RTÉ a bhí mar bhuaiteoir in RTÉ leis an líon is mó céimeanna ag 476,520. Bhain 'Stride Right' amach an 58ú áit go náisiúnta.

# Creche RTÉ Nua

Bhí RTÉ ar cheann de na chéad eagraíochtaí in Éirinn a chuir seirbhísí cúraim leanaí ar fáil san áit oibre d'fhostaithe. Ó mí Eanáir 1987 ar aghaidh tá RTÉ ag soláthar saoráidí cúraim leanaí do leanaí fhoireann RTÉ i nDomhnach Broc. Ar feadh na mblianta bhí an creche ag feidhmiú mar Choiste Chomharchumann Cúraim Leanaí RTÉ agus bunaíodh coiste de thuismitheoirí chun maoirsiú a dhéanamh ar an mbainistíocht agus feidhmiú ginearálta na seirbhíse. Láimhseáil bainisteoir creche an feidhmiú ó lá go lá agus cheadaigh na tuismitheoirí na cinntí móra. Faoi 2007, bhí 45 leanbh idir trí mhí agus cúig bliana d'aois faoi chúram dhá chomhalta foirne déag.

Tá go leor athruithe tagtha maidir le rialacháin chúraim leanaí ó d'oscail an chéad creche in RTÉ. Forálann forbairt na Rialachán Cúram Leanaí (Seirbhísí Réamhscoile) i 1996 do chaighdeáin íosta cúraim agus cuireann siad dualgas ar sholáthróirí fógra a thabhairt d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte faoina gcuid seirbhísí agus a bheith ar fáil d'iniúchadh. Mar gheall ar an méadú atá beartaithe maidir le líon na leanaí, leibhéil foirne cuí agus saincheisteanna comhlíonta, chinn coiste na dtuismitheoirí gur theastaigh struchtúr bainistíochta níos foirmiúla agus tiomanta má bhí saoráid creche nua a raibh an-ghá léi le tógáil, agus go mb'fhearr go mbeadh oibreoir neamhspleách a bhfuil taithí aige/aici á seachadadh.

I mí Lúnasa 2007, tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na saoráidí atá ann faoi láthair, idirbheartaíocht le hionadaithe foirne, agus taighde forleathan ar rialacháin chúram leanaí réamhscoile atá ann faoi láthair agus ag teacht chun cinn agus ar mhúnlaí sárchleachtais, d'eisigh RTÉ iarratas ar thairiscintí ag lorg tograí ó sholáthróir seirbhíse oiriúnach a cheadúnófaí do shaoráid creche nua saintógtha ar champas RTÉ. Rinneadh leagan amach, láthair agus forbairt an fhoirgnimh nua beartaithe a bhreithniú go cúramach (mar atá sonraithe in CR 2008, leathanach 21).

Radharc ón aer de Creche nua RTÉ.



I ndiaidh tréimhse tógála a mhair roinnt míonna, d'oscail RTÉ an tsaoráid chúram leanaí nua d'fhoireann RTÉ i mí na Samhna 2008. Saoráid shaintógtha atá sa tsaoráid nua chun an timpeallacht is fearr a chur ar fáil do leanaí agus tá sé in áit an foirgnimh creche réamhdhéanta bunaidh a bhí ann ó 1987. Tá an tsaoráid nua á bainistiú agWEE Care Day Nurseries agus táthar in ann cúram a sholáthar do suas le 73 leanbh idir trí mhí agus cúig bhliana d'aois ar bhonn lánaimseartha. Tá Coiste Stiúrtha Tuismitheoirí fós ann a chasann ar a chéile uair sa ráithe chun plé a dhéanamh ar shaincheisteanna nó ábhair imní a ardaíonn tuismitheoirí le bainistíocht an creche.

# Scéim RTÉ Ar Rothar Chuig an Obair

Paschal Sheehy – Eagarthóir an Deiscirt, Nuacht RTÉ

Ag deireadh na bliana crua seo, rud amháin nach gcloisfidh tú ró-mhinic ó thuairisceoir RTÉ ná: dea-scéala!

I mí Eanáir 2009, thug na Coimisinéirí Ioncaim isteach scéim a spreagann fostóirí agus fostaithe comhoibriú le chéile chun níos mó daoine a chur ag rothaíocht chuig an obair agus abhaile.

Tá an Scéim Ar Rothar Chuig an Obair – mar a thugtar air – an-simplí agus tá na buntáistí suntasach agus soiléir. Bhí RTÉ ar cheann de na cuideachtaí a chláraigh don scéim agus táimse ar dhuine (ríméadach) de na fostaithe atá rannpháiRTÉach.

Tugann an scéim deis do RTÉ rothair, trealamh rothaíochta agus sábháilteachta a cheannach do na fostaithe, go uasmhéid de €1,000 an duine. Tá an t-idirbheart díolmhaithe ó cháin, rud a chiallaíonn go laghdaítear costas an rothair beagnach 50% do dhuine atá ar ráta cánach ioncaim níos airde. Agus is féidir leis an bhfostaí an t-iarmhéid a aisíoc thar thréimhse 12 mí, ag laghdú an tionchar ar phá a thugtar abhaile.

I mo chás féin táim ag rothaíocht le thart ar 20 bliain. Fuair mé amach tapa go maith nach raibh gairm bheatha san iriseoireacht ag teacht le fonn a bheith orm spórt foirne a dhéanamh. Mar sin, ag aois óg go maith, bhí orm éirí as peil agus sacar cumainn. Ní raibh mé in ann focal a thabhairt ó thaobhthraenáil do na cluichí ag an am céanna le gach duine eile, mar i gcaitheamh mo shaoil mar dhuine fásta, d'oibrigh mé i dtimpeallacht lenar bhain uaireantafrithshóisialta agus ní bheadh fhios ag duine cén uair a mbeadh sé ar fáil.

Tugann sé sin ar ais chuig scéim Ar Rothar Chuig an Obair mé. Cé go mbíonnsé i gceist ag duine dul ar thurais fhada aclaíis iad na turais ghearra rialta is mó a chabhraíonn le duine bunchloch aclaíochta láidir a chruthú.



Léiríonn Eagarthóir an Deiscirt Paschal Sheehy ceann de na buntáistí a bhaineann le Scéim RTÉ Ar Rothar Chuig an Obair agus é ag rothaíocht feadh na Conarach i gCo. Chiarraí. Pictiúr leDominic Walsh.

# Agus RTÉ ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin thromchúiseacha lean an eagraíocht leis an bhfís, an dearcadh agus an chlisteacht chun scéim mar seo a chur i bhfeidhm do na fostaithe.

Agus é sin ar intinn agam chuir mé isteach ar an Scéim Ar Rothar Chuig an Obair in RTÉ, agus ní fhéadfainn a bheith níos sásta leis an toradh. Ar an gcéad dul síos, cheap RTÉ Laurence Roche ó Eurotrek Raleigh Ireland – iar-rothaí an Tour de France –leis an scéim a riaradh agus nuair nár éirigh liom an rothar a bhí uaim a aimsiú dom féin, fuair sé rothar dom nach bhféadfaí a shárú anseo, sa Ríocht Aontaithe nó ar an mór-roinn. D'íoc mé go leor as an rothar, chosain sé €1,150.

D'íoc mé €150 den chostas go díreach. D'íoc RTÉ €1,000 agus le díolúine cánach ó na Coimisinéirí Ioncaim rinneadh dhá leath den chostas sin. Íocfaidh mé an t-iarmhéid, thart ar €500, trí mo thuarastal, trí thart ar €20 a íoc gach coicís ar feadh bliana.

Is léir na buntáistí do gach taobh. Faighimse rothar nua agus ní chaithfidh mé míle euro a chaitheamh ag aon am amháin. Agus cé nach mbeidh mé in ann rothaíocht chuig an obair agus abhaile gach lá, tá súil agam go mbeidh sé mar chuid de mo regime aclaíochta.

Tá beagnach 100 duine cláraithe don Scéim Ar Rothar Chuig an Obair in RTÉ agus níl dabht ar bith orm, mar thoradh ar chúnamh seisean,go bhfuil RTÉ ag fáil 100 fostaí atá níos aclaí – ó thaobh coirp agus intinne – tá níos mó fuinnimh agus spreac iontu.

Agus bíonn tionchar aige ar mheanma duine freisin: Agus RTÉ ag tabhairt aghaidh ar dhúshláin thromchúiseacha bhí mé fíorshásta fios a bheith agam go raibh sé d'fhís, de dhearcadh agus de chlisteacht ag an eagraíocht scéim mar seo a chur i bhfeidhm do na fostaithe.

Maidir leis an scéim iomlán, is dócha gur tionscnamh beag é seo agus is cinnte nach n-oirfeadh sé gach duine. In ainneoin sin, creidim gur comhartha suntasach é agus go dtugann sé léargas ar an eagraíocht a bhfuil mé ag obair inti agus a seasaim di.

# Idirbheartaíochtaí Gnó RTÉ





**27** Imréiteach Cóipe
**28** Coimisiúnú Rollach
**30** RTÉ ag Tacú leis na hEalaíona
**31** Urraíocht Tras-Mheáin
**33** RTÉ: Coimeádaithe Traidisiúin

# Córas Glanta Cóipe Nua

Feidhmíonn RTÉ rud ar a nglaoimid 'Glanadh Cóipe' lena chinntiú go gcloíonn na fógraí ar fad a chraoltar ar Raidió agus Teilifís RTÉ leis na dlíthe agus na cóid infheidhme ar fad agus go bhfuil siad ar chaighdeán atá inghlactha do RTÉ. Is iad atá sa chóras sin Coiste daoine a bhfuil taithí acu ó gach cuid den eagraíocht a cheadú gach fógra a bhfuil sé beartaithe iad a chraoladh ar Raidió nó ar Teilifís.

Caithfidh RTÉ cloí le níos mó agus níos mó rialachán i réimse na fógraíochta tráchtála. Is é Údarás Craolacháin na hÉireann an Rialtóir oifigiúil óna thaobh sin agus tá *Cód Fógraíochta Ginearálta* agus *Cód Fógraíochtaí Leanaí* sainiúil i bhfeidhm faoi láthair aige.

Tá cód níos forleithne i bhfeidhm ag an Údarás Caighdeán Fógraíochta d'Éirinn agus tá rialacha sainiúla ag beagnach gach rialtóir, cibé ar rialtóir airgeadais, gnóthaí tomhaltóirí, sláinte nó cumarsáide atá i gceist maidir le fógraíocht. Comhaontaíodh cód deonach nua alcóil leis an Roinn Sláinte agus Leanaí agus tháinig feidhm iomlán leis ag tús mhí Dheireadh Fómhair 2008.

Sa bhreis ar chomhlíonadh, seiceálann RTÉ go dian na fógraí ar fad sula gcraoltar iad mar go dtuigimid an tábhacht atá leis sin a dhéanamh. Mar Chraoltóir Náisiúnta Sheirbhís Phoiblí na hÉireann caithfidh RTÉ iarracht a dhéanamh a gcuid caighdeán féin a shocrú, cibé aschur clár, rialachas corparáideach nó gníomhaíocht tráchtála a bhíonn i gceist. Bíonn an lucht féachana agus éisteachta ar leo RTÉ agus a íocann cuid mhór d'ioncam RTÉ tríd an táille ceadúnais ag súil, mar is ceart, go gcosnóidh RTÉ iad féin agus a gcuid teaghlach, ó theachtaireachtaí tráchtála míthreoracha. Ar na cúiseanna sin cuireann RTÉ na cóid ar fad i bhfeidhm go hiomlán agus beidh, nuair is cuí, srianta ann a rachaidh níos faide ná na cóid. Mar shampla, tá RTÉ ar an gcraoltóir is géire maidir le fógraíocht ar alcól. Ní ghlacann RTÉ le fógraí do lucht feasa nó do línte comhrá agus cuireann sé coinníollacha géara i bhfeidhm ó thaobh seirbhísí línte teileafóin.

Mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí démhaoinithe, bíonn RTÉ ag giniúint ioncaim agus ag díol fógraíochta. Chun na críche sin tá an caidreamh idir RTÉ agus na fógróiríagus na gníomhaireachtaí fógraíochtaí ríthábhachtach agus bíonn RTÉ i gcónaí ag déanamh iarracht an caidreamh sin a fheabhsú. Thug RTÉ isteach córas nua in 2009 chun tacú agus chun cabhrú leis an bpróiseas Glanadh Cóipe a bhainistiú.

Is é aidhm an chórais nua seo ná a chinntiú go bhfuil an próiseas Glanta Cóipe éifeachtach agus éifeachtúil, go ndéantar an t-ábhar agus an chomhfhreagracht iomchuí a rianú agus a stóráil agus go mbeadh sé ar fáil chun críocha tagartha agus lena dheimhniú go gcloítear leis an bpróiseas Glanta Cóipe. Tháinig an córas nua inlín-bhunaithe in áit dianchóras láimhe a ghlac go leor ama agus nach bhféadfaí brath air.

Mar chuid lárnach d'fhorbairt an chórais nua bhí riachtanais na bhfógróirí agus na ngníomhaireachtaí fógraíochta, a mbíonn treoir thapa, shoiléir agus chomhleanúnach uathu maidir le stádas fógraí a bhíonn curtha faoi bhráid RTÉ lena gcraoladh. Tugann an córas nua seo deis don fhoireann Ghlanta Cóipe díriú ar na príomh-cheisteanna substainteacha a bhaineann le comhlíonadh seachas ceisteanna próisis lóistíochtúla.

# Coimisiúnú Rollach

cliceáil anseo!
www.rte.ie/commissioning

In 2009 rinne Léiriúcháin Neamhspleácha RTÉ athbhreithniú ar na próisis a bhaineann leis an tslí a ndéanann Teilifís RTÉ coimisiúnú ar chláir san earnáil neamhspleách nuair a tugadh isteach timthriall coimisiúnaithe rollta. Chuir an t-athrú chuig timthriall coimisiúnaithe rollta deireadh le fadhbanna a bhain leis an mbabhta coimisiúnithe bliantúil a bhí ann roimhe sin – an líon mór tograí a thagadh isteach go déanach i mí Lúnasa, an chéim mheasúnaithe ollmhór agus na moilleanna a chruthaítí nuair a dhéantaí coimisiúnú ar iliomad tionscadal feadh raon seanraí lena léiriú ag aon am amháin.

Bíonn RTÉ anois ag lorg smaointe ar feadh na bliana le haghaidh clár teilifíse. Ceadaíonn timthriall coimisiúnaithe rollta do Léiriúcháin Neamhspleácha RTÉ a bheith solúbtha agus a bheith níos éifeachtaí ó thaobh freagairt do thírdhreach a bhíonn ag athrú.

Cuireann Léiriúcháin Neamhspleácha RTÉ an léiritheoir neamhspléach ar an eolas faoi riachtanais chlár tríd an láithreán gréasáin coimisiúnaithe i bhfoirm coimrí coimisiúnaithe. Déantar na coimrí sin a thabhairt cothrom le dáta go rialta chun tosaíochtaí coimisiúnaithe nua a chur in iúl don léiritheoir neamhspleách. Is é príomhphrionsabal an choimisiúnaithe rollaigh ná tograí nach bhfreastalaíonn ar ár riachtanas a dhiúltú go tapa laistigh de sprioc-am de choicís, chun níos mó ama a chaitheamh leis na smaointe a bhfuil geallúint fúthu.

Ciallaíonn coimisiúnú rollach go dtugtar ábhar d'eagarthóirí coimisiúnaithe lena shíniú i rith na bliana le gur féidir a bheith chun cinn ar a riachtanas sliotán.



Rescue – Insíonn an tsraith sé pháirt seo a craoladh in Aibreán-Bealtaine 2009 scéal faoi tharrthálacha agus na laochra nach bhfaigheann aitheantas go minic.



Don Wycherley mar Aunt Farticus Fume i The Giant Blue Hand ag The Ark. Scríofa ag Marina Carr. Stiúrtha ag Selina Cartmell. Grianghraf le Ros Kavanagh. Fuair an léiriú seo tacaíocht faoin scéim *RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona.*

# RTÉ ag Tacú leis na hEalaíona

**cliceáil anseo!**
www.rte.ie/about/supporting_arts

Cuid ríthábhachtach de Mhisean RTÉ is ea: *Éagsúlacht cultúir agus réigiúnach mhuintir na hÉireann go léir a chothú agus a léiriú'*. Creideann RTÉ go n-áirítear air sin dualgas sainiúil maidir le tacú leis na healaíona agus le sloinneadh na n-ealaíon – rud a dhéanann sé ar raon bealaí, lena n-áirítear cúig ghrúpa oirfide a chothabháil agus cláir ealaíon ar Raidió agus Teilifís a sheachadadh.

Chomh maith le tiomantas reachtúil RTÉ do na healaíona, oibríonn RTÉ an scéim *RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona* trína sanntar am ar an aer ar Raidió agus Teilifís chun iarrachtaí ealaíontaagus imeachtaí ealaíonta a chur chun cinn ar fud na hÉireann. Leithdháileann RTÉ tacaíocht ama ar an aer ar shlí chóir agus thrédhearcach. Agus é seo á dhéanamh tugtar tacaíocht d'fhoirmeacha ealaíona a aithnítear faoin reachtaíocht, ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus/nó an Chomhairle Ealaíon. Titeann tacaíochtaí RTÉ isteach i gceann de dhá chatagóir: fógraíocht saor in aisce nó fógraíocht mheaitseála. Is é an Coiste *Ag Tacú leis na hEalaíona* a dhéanann na cinntí ar fad maidir le tacaíocht agus tá siad bunaithe ar threoirlínte atá foilsithe ar láithreán gréasáin RTÉ.

Leagann na treoirlínte béim ar an bpointe gur chóir go mbeadh na gníomhaíochtaí ar fad a fhaigheann tacaíocht oscailte don phobal agus go ndéanfadh RTÉ iarracht a chinntiú go bhfuil cothromaíocht ann maidir le promóisin ar bhonn rialta.

Lena chinntiú go bhfuil an scéim chomh cuimsitheach agus is féidir leagtar béim ar thrí chatagóir do thacaíocht:

- Ionaid – lena n-áirítear amharclanna, gailearaithe, iarsmalanna, aonaid ealaíne etc.
- Féilte – roinnt imeachtaí le chéile thar thréimhse dhá lá nó níos mó le téama, láthair nó mír ealaíne ar leith
- Imeachtaí aon uaire – imeacht mhír ealaíne ar leith, cuir i láthair singil, iolrach san ionad céanna nó turas.

Tá an Scéim *RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona* seanbhunaithe anois agus tá tairbhe praiticiúil déanta aici don phobal ealaíon le blianta fada anois. Tá dhá thaobh leis an tairbhe sin; i dtús báire tugann an comhcheangal idir an eagraíocht ealaíon agus RTÉ formhuiniú ó eagraíocht náisiúnta d'imeacht áitiúil. Ar an dara dul síos cabhraíonn an fhógraíocht ar raidió agus/nó teilifís náisiúnta chun daoine a chur ar an eolas faoi imeachtaí agus chun cur leis an líon daoine a fhreastalaíonn.

I rith 2009 fuair RTÉ 128 iarratas seachtrach ar an Scéim *RTÉ Ag Tacú leis na hEalaíona* as a fuair 55 tacaíocht i bpáirt nó tacaíocht iomlán d'fheachtais fhógraíochta ar sheirbhísí RTÉ. Fuarthas iarratais ó réimse leathan imeachtaí ealaíonta ó gach áit sa tír.

# Deiseanna Tras-Mheáin

Bíonn RTÉ i gcónaí ag iarraidh deiseanna tráchtála nua agus cruthaitheacha a sholáthar d'fhógróirí atá acu cheana féin agus cinn a d'fhéadfadh a bheith acu. Tuigeann fógróirí níos mó ná riamh anois go gcaithfidh siad 'eispéireas' a chur ar fáil dá gcuid custaiméirí, agus cruthaíonn sé sin agus an choinbhéirseacht leanúnach de ghníomhaíochtaí margaíochta 'as líne' agus 'ar líne' deis do RTÉ réitigh chomhtháite chruthaitheacha a fhorbairt agus a sheachadadh chuig ár bpríomhpháirtithe fógraíochta agus gníomhaireachta.

Le blianta beaga anuas tá RTÉ ag baint an méid tairbhe agus is féidir as an seasamh uathúil atá aige mar cheannródaí na hÉireanni Teilifís, Raidió, Idirlíon agus Cló, chun feachtais chruthaitheacha a bhíonn comhtháite thar na hardáin meán ar fad a sholáthar d'fhógróirí.

De ghnáth d'fhéadfadh leathnú ar urraíocht clár a bheith i gceist le feachtais chun gnéithe comhtháite eile (mar láithreán gréasáin) a ionchorprú, nó d'fhéadfaidís a bheith saintógtha ar théama nó ar sheánra cruthaitheach sainiúil.

Tá tionscadail Tras-Mheáin curtha i gcrích do go leor de bhrandaí móra na hÉireann i gcomhar le foirne tráchtála nó eagarthóireachta eile feadh rannán eile gnó RTÉ. Tá aitheantas tugtha do roinnt feachtas Tras-Mheáin ardphróifíl trí ghradaim thionscail a bhaint amach.

In 2008 bhí ionad Tras-Mheáin RTÉ ceannródaíoch lena bhfógra teilifíse beo do 11850. Bhí an fógra, a léirigh agus a tharchur RTÉ go heisiach ar an Teilifís, ar Raidió agus Ar líne, ar an gcéad cheann dá chineál san Eoraip agus tharraing sé go leor poiblíochta.

Sholáthair an comhoibriú idir rannóga tráchtála, eagarthóireachta, léirithe agus teicniúla treoirphlean do thionscadail amach anseo agus ar Oíche Chinn Bhliana 2009, léirigh agus chomhchraol RTÉ go heisiach fógra beo ag léiriú deireadh cheiliúradh 250 bliain Guinness.

In 2009 ar na feachtais eile Tras-Mheáin a raibh cáil orthu bhí 'In For the Night' le Bord na Móna, urraíocht chomhtháite a chomhtháthaigh urraíocht ar scannáin dheireadh seachtaine ar Theilifís RTÉ, urraíocht ar Aimsir ar RTÉ 2fm, urraíocht ar *The Will Leahy Show* ar RTÉ 2FM le gníomhaíocht bhreise san RTÉ Guide agus ar RTÉ.ie.

I rith Shamhradh 2009 ar fud RTÉ thug an feachtas Tras-Mheáin Let's Get Active de chuid Kellogg's spreagadh do phobail ar fud na tíre éirí, dul amach agus a bheith gníomhach. D'fhreastail Ródaí RTÉ 2fm agus foireann Lets Get Active ar rogha imeachtaí i roinnt pobal a d'eagraigh imeacht ghníomhach, spraíúil nó spórtúil i mí Lúnasa. Bhí mionsonraí agus na tuairiscí ar na himeachtaí ar fáil ar láithreán gréasáin tiomanta de chuid RTÉ.

I mí Mheán Fómhair 2009, chabhraigh Teilifís, Raidió RTÉ agus RTÉ Ar Líne le daoine dul i ngleic leis an gcúlú eacnamaíochta ar an talamh. Sholáthair an imeacht Tras-Mheáin RTÉ *Spend Clever, Live Better* a mhair ar feadh míosa taithí, comhairle agus spreagadh conas dul i ngleic leis an tráth dúshlánach agus conas an caighdeán beatha a fheabhsú. Thug an chuideachta fuinnimh Airtricity urraíocht.

De réir mar a fhorbraíonn agus a coinbhéirsíonn teicneolaíochtaí digiteacha sna blianta amach romhainn beidh deiseanna ann d'fhógróirí agus d'urraithe a bheith i dteagmháil le lucht éisteachta/féachana. Leanfaidh RTÉ ag obair go dlúth lenár bpáirtithe fógraíochta agus gníomhaireachta chun forbairt a dhéanamh ar fheachtais chomhtháite a chuireann leis na deiseanna tráchtála agus cruthaitheacha a sholáthraíonn na teicneolaíochtaí nua sin.





Cleachtadh don fhógra teilifíse beo do 11850.

# RTÉ: Coimeádaithe Traidisiúin

Mar Chraoltóir Seirbhíse Poiblí, tá ról ríthábhachtach agRTÉ maidir le cuimhne cultúir na hÉireann a dhoiciméadú agus a chaomhnú. Tá an bailiúchán is mó d'ábhar closamhairc in Éirinn le fáil in RTÉ. In éineacht leis na céadta míle uair a chloig de chláir raidió agus teilifíse, tá an leabharlann is mó de cheol tráchtála sa stát in RTÉ chomh maith le ceann de an bailiúcháin is mó grianghraf sa tír mar aon le cartlann mhór de thaifid pháipéir, lena n-áirítear scripteanna clár, stóir ceoil agus lámhscríbhínní.

Tá bailiúchán Leabharlann agus Chartlann Teilifíse RTÉ, ó oíche oscailte RTÉ Oíche Chinn Bhliana 1961, ar cheann de na bailiúcháin is tábhachtaí d'ábhar pictiúr gluaiste in Éirinn. Ina theannta sin, coimeádann an chartlann taifid nuachtscannán agus cinn amaitéaracha siar chomh fada leis na 1890idí. Ar an tslí chéanna léiríonn bailiúchán Leabharlann Fuaime RTÉ de dhioscaí tráchtála rogha mór den cheol a raibh muintir na hÉireann ag éisteacht leis agus ag léiriú sa 20ú aois. Meastar go bhfuil bailiúchán Chartlann Fuaime RTÉ de cheol traidisiúnta ar cheann de na cinn is fearr dá chineál.




Peig Sayers:
Labharfad le Cách –
I Will Speak To You All.




Vincent Campbell:
an clár The Long Note –
foilsithe ag Cairdeas na bhFidiléirí.

Chomh maith leis an ábhar a fháil, a dhoiciméadú agus a chaomhnú sa chartlann, bíonn RTÉ i gcónaí ag lorg bealaí chun ábhair chartlainne a chur ar fáil don phobal. Gach bliain, trí dhíolamaí nua agus trí chomhpháirtíocht le healaíontóirí, le sealbhóirí bailiúchán príobháideacha agus le foilsitheoirí, téann RTÉ i mbun tionscadal nua a chuireann leis na bailiúcháin agus a thaispeánann roinnt de na séada cultúir atá faoina chúram.

I rith 2009 léirigh RTÉ iad seo a leanas:

**Dlúthdhiosca Fuaime (ar lipéad RTÉ)**

1. Seamus Heaney *Collected Poems* (Taifid chartlainne deifinídeacha ar an aonú bhailiúchán déag ar fad atá foilsithe)
2. Willie Clancy *The Gold Ring* (dlúthdhiosca dúbailte de cheol na bpíob ó chartlanna RTÉ chomh maith le taifid ó bhailiúcháin phríobháideacha)

**Dlúthdhiosca Fuaime (i gcomhpháirtíocht)**

1. *The Humours of Tulla* (taifid allamuigh de cheol, amhráin agus d'fhilíocht chartlainne, as ceantar na Tulaí agus Oirthear an Chláir arna fhoilsiú ag Comhaltas na Tulaí)
2. *Vincent Campbell* (I gcuimhne fhidléir Dhún na nGall mar a taifeadadh ar an gclár The Long Note ar Raidió RTÉ – arna fhoilsiú ag Cairdeas na bhFidiléirí) ublished by Cairdeas na bhFidiléirí)
3. *Keepers of Tradition* (taifid allamuigh de cheol an chonsairtín as Co. an Chláir – arna fhoilsiú ag Comhaltas Chois na hAbhna)
4. *Echoes of Erin* (taifid ón gclár Céilí House ar Raidió RTÉ 1, arna fhoilsiúag Comhaltas Ceoltóirí Éireann, Baile na Manach)
5. *A Selection Of His Music: Dermot Grogan* (taifid ón gclár The Long Note ar Raidió RTÉ arna fhoilsiú i gcomhar le hIonad Coleman)

**Leabhair fuaime (i gcomhpháirtíocht)**

1. *Peig Sayers: Labharfad le Cách - I Will Speak To You All* (dhá dhlúthdhiosca de thaifid chartlainne arna bhfoinsiú ó chartlanna RTÉ agus BBC, arna bhfoilsiú i gcomhar leUCD agus Ionad Delargy do Bhéaloideas na hÉireann ag New Island)
2. *Tídil Eidil Eró: Amhranaíocht Thraidisiúnta don Aos Óg* (dhá dhlúthdhiosca d'ábhar cartlainne ó chartlann RTÉ RnaG Bhaile na nGall i gcomhar le Oidhreacht Chorca Dhuibhne agus leis an Aonad Forbartha Curaclaim i gColáiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh)

**cliceáil anseo!**
www.rte.ie/laweb

**Books (published in association with RTÉ)**

1. *Serving the state: the Public Sector in Ireland* (in eagar ag Michael Mulrany, Sraith Léachtaí Thomas Davis RTÉ, arna fhoilsiú leis an IPA).
2. *China and the Irish* (in eagar ag Jerusha McCormack, Sraith Léachtaí Thomas Davis RTÉ, arna fhoilsiú le New Island)
3. *Century of Conspiracy: Irish Political Trials* (le Myles Dungan, arna fhoilsiú le hAcadamh Ríoga na hÉireann)
4. *A Treasury of Sunday Miscellany* (in eagar ag Marie Heaney, arna fhoilsiú le New Island)

**Books (under licence)**

1. *The Curious Mind* (le John Quinn, arna fhoilsiú ag Veritas)

Ba chóir a thabhairt ar aird chomh maith gur bhronn RTÉ cóip de thaifid Heaney agus Peig ar gach leabharlann phoiblí sa tír in 2009, ag leanúint leis an bpolasaí deonacháin atá ann ó 2005.

# Rialtas agus Rialtóirí




**36** An tAcht Craolacháin 2009
**37** Seirbhísí Rochtana RTÉ

# An tAcht Craolacháin 2009

Shínigh an tUachtarán Mhic Giolla Íosa An tAcht Craolacháin 2009 an 12 Iúil 2009 agus rinneadh dlí de le héifeacht láithreach. Is píosa cuimsitheach reachtaíochta é agus thóg sé tamall air a theacht isteach sa dlí agus chomhdhlúthaigh sé reachtaíocht craolacháin a tháinig roimhe sin in Acht nua amháin. Tá tionchar ag an Acht ar RTÉ i réimsí éagsúla.

Bunaíonn an tAcht Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI), agus leagannamach riachtanais agus cuspóirí éagsúla na seirbhísí poiblí, na gcraoltóirí tráchtála agus na gcraoltóirí pobail. Glaofar Bord RTÉ anois ar Údarás RTÉ agus athrófar ainm iomlán na heagraíochta go Raidió Teilifís Éireann (Radio Telefís Éireann a bhí air roimhe seo). Ceanglaíonn an tAcht ar na craoltóirí ar fad cloí le réimse cód, dualgas agus rialacha, agus nósanna imeachta a bhunú do ghearáin agus do cheart freagartha. Is féidir smachtbhannaí airgeadais a fhorchur ar chraoltóirí nach ndéanann an comhlíonadh. Cruthaíonn an tAcht creat do chraoltóireacht dhigiteach agus casadh as analóige. Tá athrú á dhéanamh ar dhualgais RTÉ coimisiúnuithe clár neamhspleácha a mhaoiniú, lena n-áirítear, don chéad uair, coimisiúnú ar léiriúcháin raidió. Ardóidh an maoiniú don Scéim Sound and Vision go 7% sa bhliain de ghlanfháltais cheadúnas teilifíse agus beidh catagóirí nua clár incháilithe anois faoin scéim. Beidh forálacha nua ann chomh maith a bhaineann leis an gceadúnas Teilifíse.


Faoi dheireadh 2009 bhí go leor de Bhord RTÉ nua ceaptha ag an Aire. Go luath in 2010 ceapfaidh an tAire comhaltaí deiridh an Bhoird i ndiaidh próisis roghnúcháin de chuid Chomhchoiste an Oireachtais ar Chumarsáid, Fuinneamh agus Acmhainní Nádúrtha. Tar éis na gceapachán sin ceapfaidh an Bord nua Comhairle Lucht Féachana nua. Mar a forordaíodh san Acht tá *Ráiteas Straitéise* nua le cur ar fáil don Aire i mí Eanáir 2010. Ceanglaíonn Alt 101 den Acht go réiteodh RTÉ *Ráiteas Seirbhísí Poiblí* faoi lár mhí Iúil 2010, agus beidh próiseas comhairliúcháin poiblí ann chun eolas agus comhairle a chur ar fáili dó. (féach leathanach 46).

Agus ceapadh go mbeidh RTÉ á rialú faoin Acht Craolacháin nua ag Údarás Craolacháin na hÉireann nua, bunaíodh aonad comhlíonta nua i mí an Mhárta 2009 lena chinntiú go gcomhlíonann RTÉ go hiomlánforálacha an Achta agus tuairisciú chuig BAI a bhainistiú. Beidh forbairt agus bainistíocht mheicníocht 'ceart freagartha' nua mar phríomhfheidhm ag an aonad seo mar atá sonraithe in Alt 49 den Acht.

# Seirbhísí Rochtana RTÉ

Déanann an tAcht Craolacháin 2009 roinnt forálacha i leith rialacha atá le déanamh ag Údarás Craolacháin na hÉireann (BAI) nua chun cur leis an tuiscint agus leis an sult a bhaineann na bodhair nó daoine lagéisteachta agus daoine dalla nódaoine lagamhairc as na cláir. Is iad na forálacha iomchuí den Acht Craolacháin 2009 ná ailt 43 (1-8).

De réir Alt 43(8) d'Acht tá an BAI chun na *Rialacha Rochtana* atá ann faoi láthair mar atá leagtha amach ag Coimisiún Craolacháin na hÉireann (BCI) (atá anois á athchur ag an BAI) a tháinig i bhfeidhm an 1 Márta 2005 a fhorfheidhmiú. Cinneann na *Rialacha Rochtana* an leibhéal fotheidealaithe, teanga chomharthaíochta agus Clos-Tuairiscithe a cheanglaítear ar chraoltóirí na hÉireann a sholáthar de réir a ndualgas reachtúla. Tá na rialacha a rialaíonn fotheidealú bunaithe ar thréimhse ama deich mbliana agus nuair atá feidhmíocht á mheas agus á thomhas, ríomhtar na spriocanna céatadáin thar lá craolta 18 uair an chloig ó 0700 go dtí 0100. Cuireann RTÉ tuarascálacha mionsonraithe ar fáil don BAI (an BCI roimhe seo) ar bhonn in aghaidh na ráithe.




Tá RTÉ mar cheannaire sa mhargadh maidir le fotheidealú a sholáthar in Éirinn agus arís mhéadaigh sé cuótaí na bhfotheidealaithe in 2009 in ainneoin srianta airgeadais. I rith na tréimhse dhírigh RTÉ ar chlúdach fotheideal RTÉ Two a ardú le fócas ar leith ar chláir do dhaoine óga. Baineadh é sin amach – go háirithe sa bhuaicthréimhse féachana. Tríd is trídmhéadaigh RTÉ clúdach fotheideal ar an dá chainéal maidir leis an tréimhse chéanna in 2008.

Tá RTÉ mar cheannaire sa mhargadh maidir le fotheidealú a sholáthar in Éirinn agus arís mhéadaigh sé cuótaí na bhfotheidealaithe in 2009 in ainneoin srianta airgeadais.

## Hands On

Tá RTÉ ag craoladh sraith teilifíse rialta do na bodhair nó do dhaoine lagéisteachta le 20 bliain anuas. Is í an chuideachta Mind the Gap, a bhfuil taithí fhorleathan aici sa réimse sainfheidhme sin, a léiríonn an tsraith reatha *Hands On.* Tá foireann de dhaoine Bodhra rannpháiRTÉach sa léiriúchán agus tá tábhacht an-mhór leis an tsraith i measc phobal na mBodhar. Rinneadh coimisiúnú ar sheacht gclár nua agus trí chlár leis na píosaí is fearr i rith 2009. Craoladh roinnt de na cláir i bhfómhar 2009 agus craolfar roinnt eile go luath in 2010. Cuireadh an tsraith nua ar an sceideal ag 12.30 tráthnóna Dé Domhnaigh ar RTÉ ONE. Bhí ardphróifil níos mó ag an sliotán sin ná mar a bhí blianta roimhe sin. Cuireadh sliotán athchraolta nua isteach chomh maith – an Satharn dar gcionn ag 09.15, RTÉ ONE – le go mbeadh rochtain níos fearr ar na cláir. Tá *Hands On* ar fáil nuair a éilítear é ar RTÉ Player. Ní hionann *Hands On* agus na cláir eile a bhíonn ar fáil ar feadh 21 lá tar éis a gcraolta - tá an tréimhse sin leathnaigh go 2 mhí i gcás *Hands On.*

## RTÉ Aertel

Lean an comhaontú in 2009 trína soláthraíonn RTÉ Aertel dhá eagraíocht, Cumann Bodhar na hÉireann agus Cumann Lag-Éisteachta na hÉireann, le leathanaigh ar an tseirbhís teilitéacs d'Eolas agus Seirbhísí Nuachta do na Bodhair (Leathanaigh 490-497 ar RTÉ ONE). Lean na heagraíochtaí lena n-ábhar féin a nuashonrú agus sholáthair RTÉ Aertel an t-ardán dóibh le go bhféadfaidís nasc a dhéanamh lena gcuid custaiméirí. Ní ghearrtar táille ar na heagraíochtaí as na leathanaigh sin a úsáid agus is iad na heagraíochtaí sin agus iad sin amháin a bhaineann tairbhe as an socrú sin.

## Ag ullmhú do Theilifís Dhigiteach Trastíre (DTT)

I rith 2009 thairg RTÉ saineolas teicniúil agus innealtóireachta chun clos-tuairisciú a sheachadadh chuig an NCBI (Comhairle Náisiúnta na hÉireann do na Daill). Sin ullmhúchán do Theilifís Dhigiteach Trastíre (DTT) a chuirfidh deiseanna nua do sheirbhísí níos inrochtaine ar fáil.

# An Comhshaol




**40** Úsáid Fuinnimh
**41** Bainistiú Dramhaíola
**42** Tionscadal Lúbiata

# Úsáid Fuinnimh

Bhain RTÉ amach laghdú 19% in úsáid gáis nádúrtha trí bhainistiú stuama a dhéanamh ar na córais teasa gáis ar an láithreán agus roinnt caiteachais chaipitil go déanach in 2008 chun córais choirí agus a rialuithe a nuachóiriú. Chuir úsáid mótar agus tiomántán ard-éifeachtachta in éineacht le suiteáil inslithe le sonraíochtaí níos airde leis an laghdú sin.

I gcás úsáid leictreachais baineadh amach laghdú de 11% arís trí bhainsitíocht stuama a dhéanamh ar na córais aerchóirithe atá ar an úsáideoir aonair is mó cumhachta ar an gCampas.

I Q4 2009 tá trí chineál soilsiú LED suiteáilte ag RTÉ atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de ar feadh tréimhse trialach sé mhí, i rith an ama sin rinne RTÉ monatóireacht ar iontaofacht, úsáid fuinnimh agus aschur soilsithe. De bhrí gur teicneolaíocht í seo atá ag teacht chun cinn is cur chuige stuama atá ann agus beidh tionchar suntasach ag an rogha ceart ar úsáid fuinnimh RTÉ amach romhainn.

Bhain RTÉ amach laghdú 19% in úsáid gáis nádúrtha trí bhainistiú stuama a dhéanamh ar na córais teasa gáis ar an láithreán.

# Bainistiú Dramhaíola



## Athchúrsáil

Lean RTÉ ag déanamh monatóireachta ar oibríochtaí bhainistiú dramhaíola chun an dramhaíl a théann chuig líonadh talún a laghdú. Taispeántar figiúirí athchúrsála don bhliain go dtí seo thíos. Athraíonn an figiúr ag brath ar oibríochtaí agus ar an aeráid eacnamaíochta.

| 2009 | Eanáir | Feabhra | Márta | Aibreán | Bealtaine | Meitheamh | Iúil | Lúnasa | Meán Fómhair |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Athchúrsáilte (Tonnaí) | 38.82 | 44.36 | 34.99 | 25.47 | 33.30 | 31.51 | 36.46 | 27.39 | 40.49 |
| Diúscairt (Tonnaí) | 15.35 | 23.92 | 17.95 | 13.24 | 15.12 | 13.17 | 15.61 | 13.23 | 19.83 |
| Ráta Athchúrsála | 72% | 65% | 66% | 66% | 69% | 71% | 70% | 67% | 67% |

Tugann na figiúirí thuas meánráta athchúrsála de 68% don chéad tréimhse.

## Deireadh a chur le Polaistiréin ó hOibríochtaí Ceaintín

I mí Feabhra 2008 cuireadh deireadh le polaistiréin ó na hoibríochtaí ceaintín go léir. Ó shin i leith go dtí deireadh Mheán Fómhair 2009 tá deireadh curtha ag RTÉ le thart ar 347,000 cupán polaistiréin agus 260,000 coimeádán polaistiréin ón sruth dramhaíola.

# Tionscadal Lúbiata

I gcomhthéacs inbhuanaitheachta, is éard is tionscadal lúbiata ann ná nuair a bhaintear úsáid as táirgí dramhaíola chun táirge nua a chruthú agus a théann ar ais chuig tionscnóir na dramhaíola nó a mbeidh luach ann do dhuine éigin eile.

Ag teacht lenar bpolasaí comhshaoil, atá ag iarraidh feabhsú leanúnach a bhaint amach, coimisiúnaíodh Tionscadal Lúbiata don Leas-Ardeaglais Naomh Muire, Baile Átha Cliath idir RTÉ, Greenstar agus Advanced Flooring. Bhí sé mar fheidm ag an tionscadal samplaí cairpéid a bhíodh á gcaitheamh amach, a athúsáid, chun mataí a chur ar fáil do dhaoine scothaosta agus easláine na Leas-Ardeaglaise.

Agus úsáid á bhaint as fuíolladhmad athchúrsáilte dearadh agus rinneadh dhá chaibinéad chun na samplaí cairpéid a choinneáil iontu agus is féidir leis na daoine scothaosta agus easláine iada chur futhú agus iad ina suí ar bhinse. Tá an Canónach John Faherty ón Leas-Ardeaglais an-sásta leis na caibinéid agus leis na mataí.

Is tionscadal beag agus simplí é seo a léiríonn conas is féidir le bainisteoirí dramhaíl ar leith a ghineann a gcuideachta a úsáid ar bhealach atá fiúntach do dhaoine eile.



Caibinéid de mhataí cairpéid lena n-úsáid ag lucht pharóiste na Leas-Ardeaglaise ón Tionscadal Lúbiata idir RTÉ, Greenstar agus Advanced Flooring.

# Ag Féachaint Chun Cinn



# Tionscadal 2025

In 2002 chuathas i mbun tionscadail chun cur chuige fadtéarmach a fhorbairt maidir le nuachóiriú eagraithe agus athnuachan na saoráidí i Montrose.

Lena chinntiú go leanfaidh lucht féachana agus éisteachta na hÉireann ag fáil an chaighdeán seirbhíse is fearr, thar na 20-30 bliain amach romhainn, caithfidh RTÉ infheistíocht a dhéanamh i saoráidí nua léiriú craolacháin dhigitigh agus tharchurtha. Ní féidir na teicneolaíochtaí nua seo a choinneáil sna foirgnimh atá ar an láithreán faoi láthair mar go bhfuil go leor de an foirgnimh sin ann ó na 1960idí agus níl siad oiriúnach ó thaobh nahoibríochta.

I ndiaidh anailís agus scrúdú mionsonraithe ar na roghanna ar fad atá ar fáil, chinn RTÉ gurb é an cur chuige is fearr ó thaobh costais, riachtanas teicniúil agus solúbhthachta náan láithreán atá ann a athchumrú agus na saoráidí ar fad a ionchorprú isteach i bhfoirgneamh nua amháin.

Rinneadh pleanáil ar Thionscadal 2025 i gcúig chéim ar leith astu féin le tús gach céime á socrú ag maoiniú a bheith ar fáil agus ag ceanglais ghnó. Samhlaítear athsholáthar céimeach thar tréimhse 10-15 bliain ar na foirgnimh ó na 1960idí agus 1970idí ar láithreán Dhomhnach Broc le coimpléasc saintógtha de stiúideónna, áiteanna léiriúcháin, spásanna cleachtaidh agus cuir i láthair agus oifigí foirne. Rud an-tábhachtach ná go ráthaíonn an tionscadal leanúnachas sna seirbhísí gan bhriseadh do phobal na hÉireann i rith na tréimhse tógála.

Nuair a bheidh sí críochnaithe féachfaidh an tsaoráid nua le solúbtacht ardleibhéil a chinntiú maidir le húsáid spáis agus níos mó cumais léirithe a chinntiú ar fud na n-ardán atá ann cheana agus na n-ardán a bheidh ann. Féachann sí chomh maith le coigiltis fuinnimh agus éifeachtachtaí oibríochta suntasacha a ghiniúint agus tá sé struchtúrtha le gur féidir sáoráidía chur ar fáil lena n-úsáid ag cuideachtaí agus ag soláthraithe meán neamhspleácha.



Samhail de Thionscadal 2025 a léiríonn mar a fhorbróidh campas RTÉ sa tréimhse 15 bliain atá amach romhainn.

Thar an chéad 10 go 20 bliain amach romhainn beidh spás ar fáil ar an suíomh agus samhlaítear go mbeifear in ann an spás sin a fhorbairt le go leor páirtithe do chríocha éagsúla. Go háirithe samhlaítear go mbeadh an láthair tarraingteach mar chnuasach de chuideachtaí a bhaineann le craoladh agus le léiriú agus mar fhiontair theicneolaíochta idirlín a bheadh bunaithe ar an idirlíon.

Is comhartha ar an todhchaí bheo bhríomhar atá amach roimh RTÉ fógairt na bpleananna d'fhorbairt ár láithreáin i nDomhnach Broc. Tá pleananna Thionscadal 2025 uaillmhianach agus praiticiúil araon agus má bhaintear amach iad daingneoidh siad seasamh RTÉ sa todhchaí ag lár thírdhreacha meán na hÉireann sna blianta amach romhainn.

# Ráiteas Seirbhíse Poiblí

Éilíonn an tAcht Craolacháin 2009 (alt 101) go n-ullmhódh RTÉ *Ráiteas Seirbhíse Poiblí* faoi lár mhí Iúil 2010. Tá sé i gceist go dtiocfadh an *Ráiteas Seirbhíse Poiblí* in áit an Chairt Chraolacháin Sheirbhíse Poiblí (2004) atá ann faoi láthair. Is é cuspóir an *Ráitis* ná prionsabail a gcaithfear aird a thabhairt orthu agus gníomhaíochtaí a chaithfidh RTÉ tabhairt futhú a leagan amach agus iad ag comhlíonadh a gcuspóirí seirbhíse poiblí. Beidh an *Ráiteas* faoi réir ag athbhreithniú Aireachta i gcomhchomhairle le Údarás Craolacháin na hÉireann agus leagfar cóip (nó athbhreithniú maidir leis sin) faoi bhráid Thithe an Oireachtais.

In ullmhú an *Ráitis*, ceanglaítear ar RTÉ dul i mbun próisis comhchomhairle poiblí. Cé go n-ordaíonn an tAcht Craolacháin 2009 go mbeadh an Ráiteas ar an eolas ó phróiseas comhchomhairle poiblí, is é RTÉ a chinneann foirm agus scóip an phróisis.

I gcásRTÉ is é an cuspóir a bhaineann le haon phróiseas comhchomhairle poiblí ná, sa chéad dul síos, tuairimí a bhailiú as trasghearradh leathan daoine atá ina gcónaí ar oileán na hÉireann. Déanfaidh RTÉ iarracht próiseas chomh hoscailte agus chomh cuimsitheach agus is féidir a thionól lena chinntiú go gcloisfear agus go mbreithneofar léargais an tromlaigh agus an mhionlaigh araon. Ar deireadh thiar thall, ba chóir go sainmhíneoidh *Ráiteas Seirbhíse Poiblí* RTÉ oibleagáidí RTÉ faoi Alt 114 den Acht Craolacháin 2009. Tugann sé deis thábhachtach chomh maith do RTÉ a bheith i dteagmháil leis an lucht éisteachta chun tuiscint níos fearr a fháil ar a bhfuil ag teastáil uathu óna gCraoltóir Seirbhíse Poiblí.

Cuirfear tús leis an bpróiseas comhairliúcháin go luath in Earrach 2010.

# Cuspóirí 2010

## 1. Ag freastal ar riachtanais ár Lucht Féachana

- Leanfaidh RTÉ le tionscadail Tras-Mheáin a fhorbairt, ar nós*Operation Transformation* agus cruthóidh siad, ar a laghad, tionscadal Tras-Mheáin suntasach nua amháin le linn 2010
- In 2010 cuirfidh RTÉ leis an tiomantas fadtéarmach tacú le Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta trí chur leis an idirghníomhaíocht ag an imeacht agus trí chur leis an rannpháirtíocht clár
- Ag tógáil ar a gcéad bhliain rathúil in 2009 déanfar an Comórtas *All-Island Schools Choir Competition* a fhorbairt tuilleadh in 2010
- Seolfar an leagan idirnáisiúnta den RTÉ Player i Q1 2010.

## 2. An Fhoireann

- Chun cur le comhoibriú foirne agus chun cumarsáid inmheánach a fheabhsú, ba mhaith le RTÉ an inlíon atá ann faoi láthair a uasghrádú go mór. Déanfaidh RTÉ athbhreithniú inmheánach ar an gcóras inlín sin agus forbróidh sé plean soiléir dá athfhorbairt faoi Q3 2010.

## 3. Idirbheartaíochtaí Gnó RTÉ

- Tar éis achtú an AchtaCraolacháin 2009 agus forbairt na gcód agus na gcaighdeán BAI nua ina dhiaidh sin déanfar athbhreithniú agus leasú ar *Chaighdeáin agus Treoirlínte Clár RTÉ* i Q1 2010
- Leanfaidh RTÉ ag cur lena urraíocht Tras-Mheáin agus lena ndeiseanna fógraíochta do chliaint i rith 2010
- Ag tosú i CR 2009, tuairisceoidh RTÉ ar an scéim *RTÉ ag Tacú leis na hEalaíona* don bhliain roimhe sin.

## 4. Rialtas agus Rialtóirí

- Chun dualgais reachtúla RTÉ a chomhlíonadh maidir le seirbhís ardchaighdeáin ar chostas éifeachtach a sheachadadh chuig na hÉireannaigh thar lear, soláthróidh RTÉ rochtain idirnáisiúnta ar RTÉ Player faoi dheireadh Q1 2010
- Faoi mhí Iúil 2010 beidh próiseas comhairleacháin poiblí cuimsitheach comhlíonta ag RTÉ chun eolas a chur ar fáil don *Ráiteas Seirbhíse Poiblí*
- Faoi dheireadh Q4 2010 beidh meicníocht 'ceart freagartha' inrochtaine i bhfeidhm ag RTÉ do dhaoine a mbíonndochar déanta dá n-onóir nó dá gclú trí fhíricí míchearta nó eolas mícheart a craoladh.

## 5. An Comhshaol

- Leanfaidh RTÉ ag déanamh monatóireachta ar a n-éifeachtúlacht fuinnimh agus tógfaidh sé na céimeanna riachtanacha chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú de réir a chéile agus déanfaidh sé tuairisciú air sin faoi Q4 2010

- Leanfaidh RTÉ ag déanamh monatóireachta ar an dramhaíl a bhíonn againn a théann chuig líonadh talún a laghdú de réir a chéile agus déanfaidh sé tuairisciú air sin faoi Q4 2010.

